



# TÍR SÁILE

SCULPTURE TRAIL



# Clár

Dedicated to the memory of John Coll  
25th December, 1961 to 27th December, 2013

I ndilchuimhne ar John Coll  
25 Nollaig 1961 go 27 Nollaig 2013

|                                 |        |
|---------------------------------|--------|
| Tír Sáile – Comhthéacs          | Ich 4  |
| Tír Sáile – Saothair Ealaíne    | Ich 6  |
| Cónaitheacht Thír Sáile 2017    | Ich 13 |
| Síorathrú le Catherine Marshall | Ich 14 |
| Coimisiún na Cónaitheachta      | Ich 16 |
| Na hEalaíontóirí                | Ich 20 |

## Contents

|                                       |      |
|---------------------------------------|------|
| Tír Sáile - The Context               | p.4  |
| Tír Sáile - The Artworks              | p.6  |
| Tír Sáile Residency 2017              | p.13 |
| A State of Flux by Catherine Marshall | p.14 |
| The Residency Commissions             | p.16 |
| The Artists                           | p.20 |

# Tír Sáile

## Comhthéacs

Ba í Tír Sáile an tstí ealaíne poiblí is mó in Éirinn nuair a forbraíodh ar dtús í i 1993, le 14 dhealbh saincheaptha do shuíomhanna áirithe suite i dtímeallachtaí agus tírdreacha ilchineálacha. De réir a chéile, tháinig sí le bheith i gcroílár na conaire ar a dtugtar Slí Ealaíne Thuaisceart Mhaigh Eo sa lá atá inniu ann. Forbraíodh an tionscadal den chéad uair mar chuid de 'Mhaigh Eo 5000'. Clár bliana d'imeachtaí agus taispeántáin ba ea seo a rinne ceiliúradh ar chaoga céad bliain d'oidhreacht chultúrtha an cheantair agus a reáchtáladh go gairid i ndiaidh oscailt Achaidh Chéide, ar chósta thuaidh Mhaigh Eo, don phobal. Tháinig sé chun solais gurb é Achaidh Chéide – a tógadh thart ar 3500 BCE – an suíomh neoliteach is fairsinge, agus an línóra páircéanna is sine, dá bhfuil aimsithe ar domhan. Sheas Tuaisceart Mhaigh Eo amach mar ghort foirfe d'ealaíontóiri; dóibh ar mhian leo obair leis an tmeallacht agus obair leis an bpobal araon.

**Bhí sé de rún ag tionscadal Thír Sáile saincheisteanna áirithe a chíoradh, agus ina measc siúd bhí ról na healaíne i gcruthú áite agus i gcruthú pobail.**

D'fhoilsigh Dealbhóireacht 5000 foilseachán dar teideal 'Tír Sáile, The North Mayo Sculpture Trail' le Alan Lonergan sa bhliain 2001. Istigh ann, mhínigh Peadar Ó hEidhin (Príomhfeidhmeannach Chomhairle Contae Mhaigh Eo faoi láthair) gurbh é bunsprioc an tionscadail 'go mbeadh lorg de shaothar [na n-ealaíontóiri] fós le feiceáil i gceann cúig mhile bliain, tráth a mbeifear ag ceiliúradh 'Maigh Eo 10,000'... agus ba chóir 'go dtabharfaidh sé seo dóthain ama chun a ról agus a dtionchar a mheas.'

Agus beagnach 25 bliain sleamhnaithe tharann ó súiteáladh an chéad taispeántán, tá an chéad chéim forbartha eile de Thír Sáile ar na bacáin anois in 2017. Trí bhíthin clár nua atá forbartha ag Ofis Ealaón Chomhairle Contae Mhaigh Eo, féachfar leis an meon i leith coimisiúnú, cleachtais ealaíne, agus rannpháirtíocht an phobail a mheas i gcomhthéacs chuspóirí agus thortháí bunaidh an tionscadail. I measc na ngréithe éagsúla a bhain leis an gcéim athfhobhartha seo bhí coimisiúnú Chláir Cónaitheachta Thír Sáile (féach Ich 13); athchóiriú ar shaothair reatha Thír Sáile agus comharthaí nua a chur leo; forbairt suíomh idirlín agus tiomsú foilseacháin nua; agus reáctáil siompóisiam in Áras Inis Gluaire, Béal an Mhuirthead i mí Dheireadh Fómhair 2017, chun deis a thabhairt do dhaoine súil siar a chaitheamh agus machnamh a dhéanamh ar an tionscadal mar a bhí sé san am a chuaigh thart, mar atá sé faoi láthair, agus mar a bheidh sé amach anseo.

# Tír Sáile

## The Context

Tír Sáile, originating in 1993, was the largest public art trail of its time in Ireland. It featured 14 site specific sculptures across a range of rural environments and landscapes. It became the focus of what is now described as the North Mayo Art Trail. The original project was developed as part of 'Mayo 5000'. This was a year-long programme of events and installations, celebrating fifty centuries of cultural heritage of the region and followed the opening to the public of the Céide Fields Centre on the north Mayo coast. The Céide Fields are considered to be the oldest known field systems in the world. It is an extensive Neolithic site dating to approximately 3500 BCE. The landscape of North Mayo became a perfect backdrop for artists to work both within the environment and with the people.

*The Tír Sáile project set out to explore a number of topics including the role of art in the making of place and in the making of community.*

A publication titled Tír Sáile, The North Mayo Sculpture Trail by Alan Lonergan was published by Dealbhóireacht 5000, 2001, in this publication, Peter Hynes (now Chief Executive of Mayo County Council) set out the original project brief as one in which 'some part of [the artists] work should last through the next five millennia and be recognisable for the 'Mayo 10,000' celebrations' ... which should, '...allow adequate time for assessment of their role and of their impact.'

In the wake of almost 25 years since the first installation, Tír Sáile has entered a new phase of development. In 2017 a new programme, developed by Mayo County Council Arts Office, has meant that the process of thinking around; commissioning, arts practices and community engagement can be assessed against the projects original objectives and outcomes. This re-development phase has comprised the commissioning of the Tír Sáile Residency Programme, the restoration and repair of existing Tír Sáile works including the installation of new signage, and the development of a new website and publication. The Tír Sáile Symposium 2017 has been organized as part of the new programme, providing an opportunity to consider and discuss the projects past, present and future.



## Tír Sáile

# Saothair Ealaíne

Is d'aon ghnó atá tréithe na meithle le brath go láidir i Siompóisiam agus Slí Dhealbhóireachta Thír Sáile, mar b'í an mheitheal an nós traidisiúnta inar tháinig scata daoine le chéile chun obair a chur i gcrích. Tagraíonn chuile ghné d'fhorbairt an tionscadail don phrionsabal seo, ón gcomhoibriú idir ealaíontóirí agus muintir na háite, go rannpháirtíocht an phobail sa tionscadal agus an seilbh a ghlaic siad air, rud is léir ó na suiomhanna a deonaíodh le haghaidh píosaí ealaíne agus an fáilte a cuireadh roimh ealaíontóirí. Bhí rannpháirtíocht an phobail agus comhoibriú lárnach do rath an tionscadail sa chaoi is gur aontaigh sé muintir agus áit faoi bhrat a bhféiniúlachta – agus bhain chuile dhuine a bhí páirteach sa tionscadal barr tuisceana ar oidhreacht chultúrtha an cheantair dá bharr.

Bunchloch an choimisiúnaithe ba ea úsáid ábhair agus timpeallachtaí nádúrtha i saothar na n-ealaíontóirí, ag obair as láimh a chéile leis an dúlra mórrhimpeall orthu. Bhí sé de chuspóir ag an tionscadal ón gcéad lá riamh go bhfágfadh na saothair rian de shaghas éigin ina ndiaidh a sheasfadhbh na mblianta, fiú mura mbeadh ann ach a lorg ar an tírdhreach. Ní hábhar iontais é mar sin go bhféadfadh roinnt de na saothair ealaíne lobhadh isteach sa dúlra le himeachta, ach go mbeidh fágtha le hoidhreacht acu a gcuid taifead, buanaithe i gcartlann cló, nó ar an idirlion mar is gnách na laethanta seo.

*De bhonn an chaidrimh a cothaíodh idir ealaíontóir agus timpeallacht trí bhíthin na samhláiochta agus an ghnímh, éiríodh le bunsprioc Thír Sáile a bhaint amach: is é sin an t-am a chuaigh thart a cheiliúradh, sásamh a bhaint as an am i láthair, agus aghaidh a thabhairt go fonnmar ar an am atá le teacht.*

Ba é aidhm an tionscadail in 2017 ná athchóiriú a dhéanamh ar na dealbha atá fós mar chuid den tsúl. Beartaíodh roinnt de na bunsaothair a chur as feidhm (tí liosta díobh san agusín agus tá cuntas díobh ar an suíomh idirlín), agus tá oibreacha cothabhála de dhíth ar chuid eile acu. Tá tuilleadh eolais faoin tsúl ar fáil ar an suíomh idirlín. [www.northmayoarttrail.com](http://www.northmayoarttrail.com)

## Tír Sáile

# The Artworks

The ethos behind the Tír Sáile Symposium and Sculpture trail was formulated on the notion of a 'Meitheal', that is a traditional way of working by which groups of people come together to work towards a common goal. This principle informed all aspects of the development of the project, from the collaboration between artists and the local community, to the communities engagement and ownership of the project, reflected in the donation of sites for both the siting of work and hosting of artists. The local community involvement and collaboration was crucial and contributed to the unifying of people and place in an expression of their identity – this was instrumental in promoting a deeper understanding of the cultural heritage for all involved in the project.

Key to the commissioning was the use of natural materials and environments by the artists, working in harmony with their surroundings. An ambition for the project was that the works would be able to endure the test of time, even if this was through traces or marks in the landscape. Of course a natural consequence of this was the possibility that a number of artworks might degrade back into the environment, and their legacy would be the recording of the works through the medium of print and more recently, the internet, as archival records.


*The interaction of artist with the natural environment by way of imagination and physical endeavour achieved the primary aim of Tír Sáile which was to celebrate the past, relish the present and embrace the future.*

The project for 2017 has been to focus on rejuvenating the sculptures on the trail that are still in commission. A number of the original works have been decommissioned (these are listed on page 22 and have been archived on the website), while others are in need of attention. More information on the trial can be found on the website. [www.northmayoarttrail.com](http://www.northmayoarttrail.com)

## The Intercommunication Park

### Cuan Chill Ala Mariyo Yagi

Cruthaíodh an taispeántán seo i bhfoirm páirc ealaíne. Seasann an talamh féin, a gabhadh ar aís ón bhfarraige, don dlúthchaidreamh síochánta idir daoine agus an dúlra, agus a gcleithiúnas ar a chéile. Tarraingíodh na conair ar an talamh mar shnaidhm Cheilteach, mar chomhartha den éigríoch. Ag siúl i measc na dtulach, nó ag suí ag éisteacht leis an ngaoth agus na tonnta... Is ón mbroinn ó dhúchas muid, agus ónar saolaíomar uile.



## The Intercommunication Park

### Killala Bay Mariyo Yagi

The installation takes the form of an art park. The land, which was reclaimed from the sea, is representative of the harmony between human interaction and co-dependence with the natural landscape. The paths are drawn into the land as a mark of infinity in a Celtic knot. Walking around the mounds, sitting listening to the wind and the waves... All of us were in the maternal before we came.

## Tonnta na Blíanta

### Piara Chill Chuimín Simon Thomas

Tá Tonnta na Blíanta mar chuid de bhalla móra coinneála cois cladaigh ag Piara Chill Chuimín. Bíonn Fermat is ainm don phátrún ann, pátrún a teilgeadh ar an mballa ag meánoíche ó bharr cuaille 8.5m in airde a cuibhríodh do ghrinneall na farraige ag lag trá. Marcáladh an mhóitifí ar an mballa le cailc, agus rinneadh é a dhruileáil agus na poill a lionadh ón lár amuigh le dalláin d'ábhair éagsúla: naghlas Bhéal an Mhuirthead, basalt, umha, iarrann agus cruch dhosmálta. D'fhéadfaidh breathnú ar an móitifí mar léiriú ar chúrsáí ama, curtha i láthair ag foinse naghlas Bhéal an Mhuirthead agus chóngaracht an tsaothair d'Achaidh Chéide.

## Tonnta na Blíanta

### Kilcummin Pier Simon Thomas

Tonnta na Blíanta was incorporated into a large retaining wall on the seafront at Kilcummin Pier. The pattern is a Fermat spiral, which was projected at midnight from the top of an 8.5 metre pole guyed into the seabed at low water. The motif was chalked onto the wall and later drilled and plugged with in-bands from the centre outwards, using the materials; Belmullet gneiss, basalt, copper, iron and stainless steel. The motif can be seen as a representation of time, influenced by the source of Belmullet gneiss and the work's proximity to the Ceide Fields.



## Tearmon na Gaoithe

Cill Cuimín

Alan Counihan

Tá an dealbh seo, Tearmon na Gaoithe, suite ar cheann tíre a ghobann amach san Atlantach agus neadaithe idir Chuan Chill Ala ar dheis agus Chuan Leacain ar chlé. Seo ceann de na suíomhanna is iontaí ar an tsúl. Cillín is ea Tearmon na Gaoithe, déanta de leaca gaineamhchloiche dúchasáig tóigthe laistigh d'fháinne cloch réidh ar bhrúach an Atlantaigh fhiáin. Spreagann sé machnamh agus cothaíonn sé suaimhneas tearmainn, macalla de thraigisiún na mainistreach agus cillíní na ndíthreabhach a fhaightear ar chósta thiar na hÉireann.

## Tearmon na Gaoithe

Kilcummin

Alan Counihan

The sculpture, Tearmon na Gaoithe, is located on a headland which juts out into the Atlantic; to the right is Killala Bay and to the left Lacken Bay. The site is among the most spectacular on the trail. Tearmon na Gaoithe is a cell made up of locally sourced sandstone slabs, inside a ring of flush-laid stones on the edge of the wild Atlantic. The structure evokes meditation and sanctuary, recalling the monastic tradition and eremitical cells of the Western seaboard.



## Echo of Nawascape

Cuan Leacain

Mariyo Yagi

Tá ceann de mhórthéamaí Yagi le brath sa dealbh seo chomh maith, is é sin an 'nawa', nó rópa DNA. Is éard atá in Echo of Nawascape ná grúpa tulach ithreach, leagtha amach amhail rópa tite, agus an spás sa lár pábháilte le gaineamhchloch Leacain. Seasann an téama seo – bunaithe ar héilics DNA – do leanúnachas an tsaoil ar thalamh, ar muir, agus sa spéir. Agus é suite ar an tairseach idir tir agus muir, mealltar an tsúil i dtreo na farraige: foinse na beatha sa chaidreamh casta seo.



## Echo of Nawascape

Lacken Bay

Mariyo Yagi

The sculpture uses a theme common to Yagi's work, that of the 'nawa' or DNA rope. Echo of Nawascape consists of a group of earthwork mounds, appearing like fallen rope, with a central space, paved in Lacken sandstone. The theme, which recalls the DNA helix, represents the continuity of life on earth, sea and sky. The location of the work on the edge of sea and shore draws attention to water, as the origin of life in this complex relationship.

## Court Henge

Baile an Chaisil

Tony Murphy

Tá an dealbh suite ag Teachíní Saoire Bhaile an Chaisil, ar fhaiche a bhfuil tithe mórrhimpeall air. Tá sé cóngarach don charn cúirte sa Bhaile Glas. Feidhmíonn an dealbh mar áit chruinnithe. Clós i lár mullóg fhéarmhar atá ann, le dhá chlós eile níos lú liathánach leis, agus leaca ceartingearacha gaineamhchloiche Leacain ar an imeall acu uile.



## Court Henge

Ballycastle

Tony Murphy

The sculpture is located at Ballycastle Holiday Cottages, in a green area surrounded by houses. It is close to the megalithic court cairn at Ballyglass. The sculpture acts as a meeting place. The grassy mound structure encloses a central courtyard, flanked by two smaller enclosures all lined with vertical Lacken sandstone flags.

## Battling Forces

Ceann Dhún Pádraig

Fritze Rind


Chuaigh neart agus áilleacht an tsúimh ag Ceann Dhún Phádraig i bhfeidhm go mór ar Rind. Bionn an ghaoth agus an pharraig ag greadadh an chinn tíre anseo gan stád gan staonadh, á mhúnlú agus á athmhúnlú i gcoimhlint shíoraí. Is de ghaineamhchloch Leacain agus aolchloch neamhghearrtha a rinneadh an dealbh seo, agus dá chineál cloiche seo ag seasamh do dhá fhórsa iomlán éagsúla: ceann acu atá glan, mínghearrtha agus de dhéantús an duine; ceann eile atá ina charn téagartha de chlocha neamhghearrtha nádúrtha, ag iarraidh dul timpeall an chinn eile ...fórsa feannach i gcoinne fórsa batrála – ní heol d'éinne cé acu a bhfaighidh an lámh in uachtar, ná cá fhad a mharfaidh an choimhlint...

## Battling Forces

Downpatrick Head

Fritze Rind

Rind was moved by the force and spectacle of the site at Downpatrick Head. Here the wind and sea continually crash into the headland, forming and re-forming its surface in a never ending battle. The sculpture is made of Lacken sandstone and local uncut limestone. It symbolizes two very different forces, one pure, clean-cut man-made, the other a vast pile of organic uncut stone, attempting to surround it '...a cutting versus a throttling force – no one knows which will win or how long the struggle will endure...'.



## Wind Trees

**Moing Oilí**  
**Eilis O'Baoil**

Tá an dealbh seo suite ar Chnoc Mhoing Oilí, amhail lorg mór láimhe ar mhala an chnoic. Meascán de chrainn bheo agus gaineamhchloch Leacain é seo a chuireann stair an tsaothraithe i Maigh Eo, a théann siar cúig mhíle bliain, in iúl. Tógadh cúig bhalla leathchiorclacha taobh thiar den chúig chrann óg dhúchasacha, crainn a d'fhásfadh in am is i dtráth os cionn phoscadh na mballaí le bheith múnlaithe ag an ngaoth shíoráil a shéideann ar an gcósta álainn seo, agus a sheasfadh na mblianta. Feistiódh painphíoba sna ballaí a ghlaicfadh le fuaim na gaoithe chun fonn brónach buan a chasadadh.

## Wind Trees


**Muingelly**  
**Eilis O'Baoil**

The sculpture is located on Muingelly Hill, forming a giant handprint set into the hillside. Living trees were combined with Lacken sandstone to reflect Mayo's five thousand year history of cultivation. Five semicircular walls formed the backdrop to the planting of five indigenous trees which would grow above the shelter of the walls and be shaped by the ever present wind on this spectacular coastline, lasting the test of time. The pan pipes set into the walls take up the sound of the wind and produce a mournful, enduring melody.

## Caochain

**Ceathrú Thaidhg**  
**Walter Michael**

Tá an dealbh seo, atá céad méadar ar fad, déanta de chréafóg agus clocha áitiúla. Is ó Dhún Chaocháin in aice láimhe a thóg sé a ainm, agus an dún sin ainmnithe ó Chaochán, fathach leathshúileach a luitear go minic i mbéaloideas an cheantair. Tá an saothar féin suite i gCeathrú Thaidhg, ceantar iargúltá ar chósta thuaidh Mhaigh Eo a bhfuil cáil air as áilleacht an tírdhreacha ann agus as a bheith mar chuid de Ghaeltacht Mhaigh Eo, ceantar a bhfuil an Ghaeilge mar theanga phobail ann.



## Caochain

**Carrow Teigue**  
**Walter Michael**

This one hundred metre long sculpture uses earth and local stone in its construction. The sculpture takes its name from the nearby townland of Dun Caochain Head, named for the one eyed giant Caochán, a figure referred to in numerous stories of the seanchaíte, or storytellers of the area. The work is located in a remote area of the North Mayo coast called Carrow Teigue (Cathru Thaidhg). It is noted for its spectacular scenery, and as being part of the north Mayo Gaeltacht, where the Irish language is in daily use.



## Stratified Sheep

**Béal an Átha Buí**  
**Niall O'Neill**

Tá an dealbh le feiceáil ag feirm oscailte Bhéal an Átha Bhúi agus déanann sé ceiliúradh ar thraigisiún seanbhunaithe tógála caorach sa cheantar, a cothaítear ar thalamh sheascannach na dúiche. B'as gaineamhchloch Leacain agus eibhear ón gceantar féin a tógadh an saothar. Tá gach caora déanta de shraitheanna éagsúla cloiche, macalla de na sraitheanna nádúrtha is bonn leis an tírdhreach máguaird.



## Stratified Sheep

**Ballinaboy**  
**Niall O'Neill**

The sculpture is located at Ballinaboy visitors' farm and celebrates the long tradition of local sheep farming, sustained on the marshy terrain of the region. The work was constructed from Lacken sandstone, together with local granite. Each form is made up of a number of stone layers, which reflect the natural stratification of the land.

## Acknowledgement

**Oileán Chloigeann**  
**Marian O'Donnell**

Liotúirge don chuimhne pobail is ea Acknowledgement; leacht créafóige do na sluaite gan aimh atá imithe ar shláí na firinne, daoine nach eol dúinn a-náimneacha ach a seasann leaca loma traidisiúnta i gcuimhne orthu i gconaí. Déanta de chréafóg agus naghlas, tá an dealbh roinnte ina dhá leath ag pasáiste cúng cuarthá a mheallann an cuairteoir trí an dealbh, agus isteach sa talamh, roimh radharc fairsing den tírdhreach máguaird a thabhairt dóibh ar theacht amach ar an taobh thall de.

## Acknowledgement

**Claggan Island**  
**Marian O'Donnell**

Acknowledgement is a liturgy to communal memory, an earthwork monument to all the anonymous dead, whose memories have been lost and are only remembered through the tradition of the placing of unmarked stones. The sculpture of earth and gneiss stone is bisected by a narrow curved passageway, which draws the visitor through the sculpture, into the earth, to emerge and greet the vastness of the surrounding sea.



## Deirbhle's Twist

An Fód Dubh  
Micheal Bulfin

Tá Deirbhle's Twist suite os cionn Phiara an Fhóid Duibh, agus déanta de na bollán eibhir a bhí suite ar an láithreán féin, ach iad ardaithe agus socraithe i mbís ardaitheach. Fuair Bulfin a chuid ionspioráide ó scéal Naomh Deirbhile. Macalla de na suíomhanna meigilteacha is ea an bhís, ach tagraíonn sí don fhisic adamhach chomh maith. Scríobh Bulfin an méid a leanas faoi:

*Is í an chloch an tírdhreach. Bhí sé anseo i gcónai. Ar bhealach, ní dhearna mise ach atheagar a chur air.*



## Deirbhle's Twist

Black sod  
Micheal Bulfin

The sculpture, Deirbhle's Twist, overlooks Blacksod Pier and was made by raising the existing granite boulders on site, and placing them in an ascending spiral. Bulfin took the theme from the story of Saint Deirbhile. The spiral while a reflection of the work of megalithic sites is also a reference to atomic physics. Bulfin wrote; *The Stone is the landscape. It was always here. I have just, in a sense, rearranged it.*

## Tír Sáile

# Cónaitheacht 2017

I mí Feabhra 2017 ghlaoghaigh Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo ar ealaíontóirí cur isteach ar shraith cónaitheachtaí i dTuaisceart Mhaigh Eo. Tugadh le fios sna treoracha gur deis a bhí ann athchuaireart a thabhairt ar chuid de bhunsúiomhanna Thír Sáile le léargas úr ealaíne agus cur chuige nua-aimseartha i dtaoibh na healaíne poiblí. Bhí an tsúl bhunaidh, a forbraíodh beagnach 25 bliain ó shin, ina phríomhthéama do shiompóisiam dealbhóireachta a reáchtáladh thar trí seachtaine i mí an Mheithimh 1993, agus is amhlaidh an scéal in 2017 agus na coimisiúin á gruthú le linn cónaitheachta a mhairfidh mí.

Is iad Joanna Hopkins, Gareth Kennedy, Noah Rose agus Selma Makela na healaíontóirí a roghnaíodh i gcomhair chónaitheachta Thír Sáile. Ina theannta sin, thug Dorothy Cross faoi thogra taighde in Inis Gluaire.

## Tír Sáile

# Residency 2017

In Feb 2017, Mayo County Council Arts Office put out a call to artists to apply for a series of residencies in North Mayo. The brief outlined that this was an opportunity to revisit some of the original Tír Sáile sites with new artistic approaches to contemporary public art practice. The original trail, developed nearly 25 years ago was the focus of a three week long sculptural symposium in June 1993, and the commissions in 2017 would also take place over a month long residency period.

The artists selected for the Tír Sáile residency were; Joanna Hopkins, Gareth Kennedy, Noah Rose and Selma Makela. Dorothy Cross also began working on a research project on the island of Inis Gluaire.



# Síorathrú

Nuair a tionscnaíodh Slí Dhealbhóireachta Thír Sáile 25 bliain ó shin, ba bheag trácht a chloisfí ar athrú aeráide agus domhandú. Ach d'ainneoin sin, chruthaigh ealaontóirí ó chuireann den domhan – roghnaithe chun páirt a ghlacadh i meitheal ealaíne i gcompháirt le pobail ar fud Thuaisceart Mhaigh Eo – 14 thionscadal a léirigh dlúthcheangal agus tuiscint ar na cumhactaí a mhúnlaigh an tírdhreach seo anallód, ar an tionscnaidh a leac oighir go talamh slán ag deireadh na hoighearaoise seo caite, agus go háirthe ar thionchar na ndaoine a chuir fúthu sa cheantar seo le 5000 bliain anuas. Níorbh fhada go raibh síorathrú eile, cumhactaí na linne seo, ag dul i bhfeidhm ar an gceantar; an tionscnamh ola agus gáis agus an digitíú ag fágáil a lorg ar an bpobal agus an timpeallacht araon. Larradh ar na healaontóirí an tráth sin a léamh féin a thabhairt ar an 5000 bliain a chuaigh roimhe, agus ar na forbairtí geolaíocha, éiceolaíocha agus daonna a tharla sa tréimhse sin. Bhí an mheitheal mar chroílár na treorach sin mar gheall ar a fhreámaithe is atá sí i gcuiltúr dúchasach Thuaisceart Mhaigh Eo agus a éifeachtaí is atá sí chun rannpháirtíochta an phobail a spreagadh.

Ba éachtach an toradh a bhí air, le saothair scapthe feadh an chósta ó Bhaile an Chaisil go dtí an Fód Dubh, ag cur iallach ar a lucht spéise – idir rannpháirtithe agus lucht féachana – machnamh a dhéanamh ar an áit féin, ar an aimsir, agus ar a muintir thar thréimhse ama chun ciall agus tuiscint iomlán a fháil ar an saothar. Ní dheadhaigh tionscnaimh Thír Sáile ar chúl scéithe lenar chuir siad rompu. Níor fhéach siad le leachtanna a chur ar fhaichí láir bhaile, ná leaca a chur ar fhoirgnimh fheiceálacha; bhí roinnt de na saothair chomh fineálta sin gur dhoiligh iad a aithint mar ealaín, bhí roinnt eile in-bhithmhille agus ag creimeadh mar is dual d'ábhar den chineál sin, brostaithe ag an aimsir fhiáin is gnách sna bóláí seo.

Roghnaíodh buón úr ealaontóirí in 2017 – Gareth Kennedy, Joanna Hopkins agus Noah Rose agus Selma Makela – chun cónaitheachtaí a chur chun cinn ina gcruthófar saothair úra ealaíne a fhreagraíonn do na seansaothair, agus treo na healaíne poiblí le 25 bliain anuas a chíordadh ag an am céanna. Shocraigh Gareth Kennedy, a bhí ag obair ina aonar, agus Noah Rose agus Selma Makela, a d'oibrigh i gcompháirt lena chéile, dul i mbun oibre le hiarasmaí áitiúla, le cultúr ábhartha atá ar fáil sa cheantar féin agus in iarsmalanna araon. Dá thoradh seo, bheartaigh siad beirt taisceadáin todhchaí a chruthú; ceann Kennedy le cur sa talamh ionas go n-aimseofaí amach anseo mar chuid de thochtaí seandálaiochta é, cur chuige a luonn le próisis staire an cheantair; ceann Rose agus Makela le taibhléiriú agus le forbairt sa lá atá inniu ann sa chaoi is go n-aistreofaí isteach sa todhchaí é mar láithreacht dholáimhsithe, macalla de na blúiríni mealltacha de chultúr a tharraingíonn isteach i gcumarsáid muid leis

## A State of Flux

Twenty five years ago, when the Tír Sáile Sculpture Trail was initiated few people had begun to take climate change and globalisation seriously. Yet the 14 projects, by artists from all over the world, selected for an art ‘meitheal’ in conjunction with communities around North Mayo were deeply connected to and informed by the historical flux of melting ice and land formation that happened at the end of the last ice age, and in particular the legacy of 5000 years of human activity in the area. The area was soon to be confronted with some of the modern equivalents of that flux as the oil and gas industry and digitisation impacted on the community and their environment. The artists then were asked to respond to that older 5000 year period in relation to geological, ecological and human developments. The idea of a meitheal, was central to the brief, because of its place in the indigenous culture of North Mayo and as a vehicle for social engagement.

The artists responded magnificently, with works scattered along the coastal area from Ballycastle to Blacksod, ensuring that their audience, whether they had been involved as co-workers or as viewers, had to actively engage, over time, with the place, its weathers and its people in order to fully experience the work. The Tír Sáile projects pulled no punches. This was not about monuments on the village square or plaques on prominent buildings; some were so subtle that sometimes it was difficult to recognise them as art, some being bio-degradable have suffered the fate of such work, accelerated by the fierceness of local weather events.

In 2017 a new group of artists, Gareth Kennedy, Joanna Hopkins and Noah Rose and Selma Makela were selected to propose residencies that would look at creating new works, in response to the earlier projects, in the process interrogating where public art has gone in the 25 years in between. In choosing to engage with archival remains from the area, in the form of material culture held both locally and in museums, Gareth Kennedy, acting alone, and Noah Rose and Selma Makela working in partnership have opted to create ‘time capsules’, Kennedy’s to be buried for now so that it will in time be the subject of future archaeological investigation, paralleling local historical processes; Rose and Makela’s to be performed and developed from now into the future as an intangible presence, echoing the tantalising fragments of culture that bring us into active communication with the past. Joanna Hopkins’

an am a chuaigh thart. Baineann tionscadal Joanna Hopkins go díreach leis an timpeallacht thíosíúil, agus go háirthe le creimeadh cósta agus cóngas. Tá sí ag obair le meitheal áitiúla chun páipéar a dhéanamh ar a seolfaí teachtaireachtaí, agus an páipéar sin a dhéanamh as muiríneach ó Oileán Chloigeann, a bhíonn ag síorathrú faoi thionchar na haimsire agus na haeráide.

Cuirfidh a gcuid taighde – go háirthe nuair a bhreatnaítear air i gcomhthéacs na dtionscadal bunaíd – go mór le cultúr amharc agus creatlach stairiúil Thuaisceart Mhaigh Eo, agus beidh an togra atá idir láimha ag Dorothy Cross ina sméar mhullaigh ar an tionscadal. Croí na ceiste anois is ea an chaoi a bhfuil coincheap na dealbhóireachta poiblí athraithe, agus forbartha, tá súil againn, sna 25 bliain a chuaigh idir an dá linn, agus is sa réimse seo atá Tuaisceart Mhaigh Eo ar thus cadhnaíochta. Ag féachaint orthu mar aon aonad amháin, bhí na 14 thionscadal sin ina eiseamlár den chleachtas ab fhéarr agus ba shóisialta, mar aon le bheith ar an tionscadal ealaíne poiblí ba mhó in Éirinn i 1993. D'eascair siad as tionscnaimh áitiúla, gach saothar ealaíne bunaithe ar eolas a cruinniódh agus a thug muintir na háite speisialta uathúla seo uathu. Tugadh cead a gcinn do na healaontóirí; níor cuireadh aon cheangal orthu go gcaithfeadh na saothair a bheith buan ná feisithe, go gcaithfeadh siad aird a tharraingt orthu féin ná seasamh d'aon rud seachas an áit í féin, go gcaithfeadh siad cloí le traidisiún aitheanta dealbhóireachta poiblí ar bith, ná go gcaithfidh siad daoine a shásamh ar an gcéad amharc. In áit dealbha a thógáil ar thimpeallán, chruthaigh ealaíontóirí agus pobail slí dhealbhóireachta poiblí i Tuaisceart Mhaigh Eo atá fréamhaithe agus a fhreagraíonn dá gceantair féin agus do na scéalta fisiciúla agus daonna a bhaineann leis. Leis sin, chruthaigh siad múnlá úr don ealaín poiblí in Éirinn a scapteadh i gcéin is góngar sula i bhfad. Toisc go raibh an tionscadal seo i bhfad chun cinn ar chleachtais na linne sin, is deacair a shamhlú go mbeidh an chéim seo de Thír Sáile chomh éachtach céanna ó thaobh fhorbairt an tseánra de. Ní hamháin gur iarradh ar an triúr a bhí ag dul i mbun cónaitheachta saothar nua a chruthú, iarradh orthu freagra a thabhairt ar na seansaothair chomh maith. Ar an gcaoi sin, bheadh an saothar úr mar chranntaca agus mar léirmheas araon ar bhunphrionsabail cheannróidhacháin tionscadail. Is coincheap réabhlóideach é sin féin. Agus sin an chúis go raibh Joanna Hopkins, Noah Rose agus Selma Makela agus Gareth Kennedy in iomaíocht ghéar chun na cónaitheachtaí seo a bhaint. Teastaíonn ó ealaíontóirí móra obair le muintir agus le tírdhreach Thuaisceart Mhaigh Eo. Cuideoidh an dlúthchaidreamh idir ealaíontóirí agus pobail linn ár bhfód féin a sheasamh i saol atá ag síorathrú.

**Catherine Marshall**  
**Lúnasa 2017**

project directly engages with the physical environment, in particular with issues of coastal erosion and connectedness. She and meitheals of local people are making paper to send messages, from Marram grass grown on Claggan Island, the status of which is itself, constantly changing as a result of climatic activity.

The value of their research, especially when seen in the context of the earlier projects will mark another great contribution to the visual culture and historic fabric of North Mayo, which will be further enriched by work that Dorothy Cross is currently engaged upon. An important underlying question now is how has the concept of public sculpture changed and hopefully developed in the intervening 25 years, and here is where North Mayo really breaks ground. The 14 projects, taken collectively, represented the best of cutting edge, socially engaged practice and the biggest public art project in Ireland in 1993. It resulted from local initiatives, and each individual artwork, drew on information gathered and shared by the people of this special and unique place. They did not require of the artists that the projects be permanent or fixed, that they attract attention as significant markers of anything other than the place itself, that they should fit into any recognisable tradition of public sculpture or give instant satisfaction. Instead of roundabout monuments, artists and communities produced a public art trail in North Mayo that is of and for their place, its physical and human stories. In doing that, they created a blueprint for public art in Ireland that was speedily taken up by other places, locally and nationally. Because this project was significantly ahead of its time then, it is challenging to expect that this new phase of the Tír Sáile work will match the previous one in terms of new developments in the genre. The three residency occupants were invited not just to make new work but to respond to the original projects, the new work offers a re-enforcement and critique of the radical founding principles. That is itself revolutionary. That explains why Joanna Hopkins, Noah Rose and Selma Makela and Gareth Kennedy had to contend with such strong rivals for these residencies. Serious artists want to work with the people and landscape of North Mayo. That rapport between artists and communities will help us all to keep our place in a changing world.

**Catherine Marshall**  
**August 2017**

## Coimisiúin na Cónaitheachta

Ag túis na bliana 2017, choimisiúnaigh Comhairle Contae Mhaigh Eo agus Áras Inis Gluaire trí thionscadal cónaitheachta san ealaín phoiblí in lóras, Contae Mhaigh Eo. Súil siar agus ceiliúradh ar Thír Sáile – Slí Dhealbhóireachta Thuaisceart Mhaigh Eo – ba ea na coimisiúin seo, ag tabhairt deis iontach d'ealaíontóirí dul i mbun oibre le pobail nua agus athchuaire a thabhairt ar roinnt de na dealbha ar Thír Sáile le cur chuige úr i dtaobh an chleachtais ealaíne de.

